2025/889

13.5.2025

CINNEADH (CBES) 2025/889 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Bealtaine 2025

lena dtacaítear le líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta.

(2) An 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlóin dar teideal 'Airm a dhaingniú, saoránaigh a chosaint'.

(3) An 8 Nollaig 2008, ghlac an Chomhairle a conclúidí agus doiciméad dar teideal *New lines for action by the European Union in combating the proliferation of weapons of mass destruction and their delivery systems* [Línte nua gníomhaíochta don Aontas Eorpach chun leathadh arm ollscriosta agus a gcórais seachadta a chomhrac] ina luaitear go bhféadfadh an tacaíocht a chuireann líonra neamhrialtasach neamhleata ar fáil dul chun tairbhe do ghníomhaíocht de chuid an Aontais chun an leathadh a chosc, lena dtugtar le chéile institiúidí beartais eachtraigh agus ionaid taighde a bhfuil sainchúram acu i réimsí straitéiseacha an Aontais, fad is a chuirtear, ag an am céanna, leis na líonraí úsáideacha atá ann cheana. D'fhéadfaí líonra den sórt sin a leathnú chuig institiúidí i dtríú tíortha.

(4) An 26 Iúil 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/430/CBES ([1]), lenar bunaíodh líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála agus lenar déanadh foráil go mbeidh cur chun feidhme teicniúil an Chinnidh sin le cur i gcrích ag Cuibhreannas an Aontais Eorpaigh maidir le Neamhleathadh agus Dí-armáil ('an Cuibhreannas'). Tar éis an Chinnidh sin, tháinig Cinntí 2014/129/CBES ([2]), (CBES) 2017/632 ([3]), (CBES) 2017/1195 ([4]), (CBES) 2018/299 ([5]), (CBES) 2021/648 ([6]) agus (CBES) 2022/597 ([7]) ón gComhairle, chun tacú le gníomhaíochtaí líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata.

([1]) Cinneadh 2010/430/CBES ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear gréasán Eorpach um meithleacha machnaimh neamhspleácha um neamhleathadh chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 202, 4.8.2010, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/430/oj).

([2]) Cinneadh 2014/129/CBES ón gComhairle an 10 Márta 2014 lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 71, 12.3.2014, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/129(1)/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2017/632 ón gComhairle an 3 Aibreán 2017 lena leasaítear Cinneadh 2014/129/CBES, lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 90, 4.4.2017, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/632/oj).

([4]) Cinneadh (CBES) 2017/1195 ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leasaítear Cinneadh 2014/129/CBES, lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 172, 5.7.2017, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/1195/oj).

([5]) Cinneadh (CBES) 2018/299 ón gComhairle an 26 Feabhra 2018 lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 56, 28.2.2018, lch. 46, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/299/oj).

([6]) Cinneadh (CBES) 2021/648 ón gComhairle an 16 Aibreán 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/299 lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun tacú le cur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 133, 20.4.2021, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/648/oj).

([7]) Cinneadh (CBES) 2022/597 ón gComhairle an 11 Aibreán 2022 lena gcuirtear chun cinn líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála (IO L 114, 12.4.2022, lch. 75, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/597/oj).

(5) Tá údar leis an gCuibhreannas a roghnú mar thairbhí aonair deontais sa chás seo mar gheall ar thoil an Aontais, arna thacú ag na Ballstáit, leanúint do chomhar torthúil an Chuibhreannais le líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata. Tá an Cuibhreannas á bhainistiú ag 6 mheitheal machnaimh agus leis an gCuibhreannas cuirtear le líonra bunaithe ina bhfuil breis agus 100 meitheal machnaimh, ionad taighde agus roinn ollscoile, ina gcomhcheanglaítear an saineolas neamhrialtasach ar fad, nach mór, san Aontas maidir leis an neamhleathadh agus an dí-armáil, lena n-áirítear eintitis sna Ballstáit uile,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Chun críocha rannchuidiú le cur chun feidhme feabhsaithe Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta mar aon le Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlóin, leantar leis seo de thacaíocht leanúnach a thabhairt do ghníomhaíochtaí líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála chun na cuspóirí seo a leanas a chur chun cinn:

(a) taighde agus díospóireacht pholaitiúil agus slándála a spreagadh sna sochaithe sibhialta agus idir saineolaithe, taighdeoirí agus acadóirí go háirithe, maidir le bearta chun leathadh arm ollscriosta (AOS) agus a gcóras seachadta, agus leathadh na ngnáth-arm, lena n-áirítear maidir le rialú onnmhairithe, a chosc agus a chomhrac;

(b) deis a thabhairt dóibh siúd atá rannpháirteach i gcomhlachtaí ábhartha ullmhúcháin na Comhairle dul i gcomhairle le líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála maidir le saincheisteanna dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) tacú leis an machnamh agus an chinnteoireacht sa Chomhairle maidir le saincheisteanna dá dtagraítear i bpointe (a), go háirithe trí thuarascálacha, moltaí, nó an dá rud, a sholáthar d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') agus do na Ballstáit;

(d) rannchuidiú le feasacht tríú tíortha ar na dúshláin a bhaineann leis an leathadh agus an dí-armáil a fheabhsú, agus an gá atá le hobair a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin a chur chun cinn i gcomhar leis an Aontas, lena n-áirítear i gcomhthéacs fóraim iltaobhacha;

(e) rannchuidiú le saineolas agus le cumas institiúideach a fhorbairt maidir leis na saincheisteanna dá dtagraítear i bpointe (a) i meithleacha machnaimh agus i rialtais san Aontas agus i dtríú tíortha, lena n-áirítear tríd an oideachas lena mbaineann a neartú, feasacht a mhúscailt i measc an aosa óig agus an chéad ghlúin eile de thaighdeoirí agus de chleachtóirí a chur chun cinn, go háirithe mná.

2. Beidh na gníomhaíochtaí sonracha seo a leanas san áireamh sa tionscadal atá le tacaíocht a fháil ón Aontas:

(a) comhdháil bliantúil a eagrú gach bliain féilire;

(b) cruinniú comhairleach bliantúil a eagrú gach bliain féilire;

(c) seimineáir *ad hoc*, imeachtaí ar an imeall agus seisiúin faisnéise do shaineolaithe a eagrú;

(d) páipéir bheartais a fhoilsiú;

(e) an t-oideachas a chur chun cinn agus a neartú, trí bhonneagar agus cúrsaí ríomhfhoghlama, mol acmhainní teagaisc, agus cúrsa oiliúna maidir le feasacht ar leathadh;

(f) saincheisteanna a bhaineann le neamhleathadh agus dí-armáil a chur chun cinn do mhná óga agus don chéad ghlúin eile, trí chlár intéirneachta agus tríd an Tionscnamh do Mhná Óga agus don Chéad Ghlúin Eile;

(g) na cuairteanna bliantúla do Chomhaltaí na Náisiún Aontaithe um Dhí-Armáil ar institiúidí an Aontais sa Bhruiséil;

(h) for-rochtain agus cumarsáid, lena n-áirítear suíomh gréasáin agus ardán líonra Chuibhreannas an Aontais Eorpaigh maidir le Neamhleathadh agus Dí-armáil ('an Cuibhreannas') a oibriú, agus podchraoladh a léiriú.

Leagtar síos tuairisc mhionsonraithe ar an tuarascáil san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

1. Beidh an tArdionadaí freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é an Cuibhreannas a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(2), eagraíocht ina gcuimsítear an *Fondation pour la recherche stratégique* (FRS), an Institiúid um Thaighde ar an tSíocháin in Frankfurt (PRIF), Institiúid Idirnáisiúnta na hEorpa um Staidéar Straitéiseach (IISS-Europe), Institiúid Idirnáisiúnta Stócólm um Thaighde ar an tSíocháin (SIPRI), an Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta (IAI) sa Róimh agus Ionad Vín um Dhí-Armáil agus um Neamhleathadh (VCDNP).

3. Déanfaidh an Cuibhreannas cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a chomhlíonadh faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá leis an gCuibhreannas.

4. Molfaidh na Ballstáit agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí tosaíochtaí agus ábhair shainleasa le measúnú i gcláir thaighde an Chuibhreannais, atá le díriú orthu i ndoiciméid oibre agus i seimineáir, i gcomhréir le beartais an Aontais.

Airteagal 3

1. Is é EUR 4 500 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an tionscadal lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a chur chun feidhme.

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an chaiteachais a leagtar amach i mír 1. Chuige sin, tabharfaidh sé comhaontú maoiniúcháin i gcrích leis an gCuibhreannas. Sonróidh an comhaontú go bhfuil an Cuibhreannas chun infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, atá iomchuí lena méid, a áirithiú.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú i gcrích.

Airteagal 4

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta arna n-ullmhú ag an gCuibhreannas. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún ar ghnéithe airgeadais an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

Airteagal 5

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 6 mhí tar éis a ghlactha, áfach, mura mbeidh an comhaontú sin tugtha i gcrích faoin am sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

B. NOWACKA

IARSCRÍBHINN

DOICIMÉAD TIONSCADAIL

CUIBHREANNAS AN AONTAIS EORPAIGH MAIDIR LE NEAMHLEATHADH AGUS DÍ-ARMÁIL (CÉIM V)

Bhunaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh Cuibhreannas an Aontais Eorpaigh maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil agus é mar aidhm aici líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha a bhunú chun an idirphlé polaitiúil a bhaineann leis an tslándáil a a spreagadh mar aon leis an bplé fadtéarmach ar bhearta chun leathadh arm ollscriosta (AOS) agus a gcóras seachadta a chomhrac. Cumhdaítear freisin leis anidirphlé agus leis an b plé sin saincheisteanna a bhaineann le gnáth-airm, lena n-áirítear mionairm agus airm éadroma (MAAÉ). Seoladh an tionscadal in 2010 le Cinneadh 2010/430/CBES ón gComhairle, agus d'athdhearbhaigh an tAontas a thacaíocht do thrí chéim eile in 2014 (le Cinneadh 2014/129/CBES ón gComhairle), in 2018 (le Cinneadh 2018/299/CBES ón gComhairle) agus in 2022 (le Cinneadh (CBES) 2022/597 ón gComhairle). Tabharfar cur chun feidhme Chéim IV i gcrích i mí na Bealtaine 2025.

Faoi láthair, tá Cuibhreannas an Aontais Eorpaigh maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil comhdhéanta de *Fondation pour la Recherche Stratégique* (Fondúireacht um Taighde Straitéiseach), *Istituto Affari Internazionali* (an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta), Institiúid Idirnáisiúnta na hEorpa um Staidéar Straitéiseach (IISS-Europe), an Institiúid um Thaighde ar an tSíocháin in Frankfurt, Institiúid Idirnáisiúnta Stócólm um Thaighde ar an tSíocháin (SIPRI), agus Lárionad Vín um Dhí-Armáil agus um Neamhleathadh. Le himeacht na mblianta tá méadú tagtha ar an líonra agus tá 116 bhall ann anois, i meithleacha machnaimh, lárionaid taighde agus ranna ollscoile atá lonnaithe i mBallstáit uile an Aontais agus i seacht dtír eile faoi láthair (an tSeoirsia, an Iorua, an tSeirbia, an Eilvéis, an Tuirc, an Úcráin, an Ríocht Aontaithe).

Is é ról an Chuibhreannais an Líonra a chomhordú agus a chur chun cinn agus a chuid saineolais a chur ar fáil don Aontas, d'fhonn eolas a chur ar fáil don phlé a dhéanfaidh a chomhlachtaí ábhartha i ndáil le beartais maidir le neamhleathadh, rialú arm agus dí-armáil agus smaointe, anailís agus moltaí a chur ar fáil. Tá sé sin déanta ag an gCuibhreannas trí réimse leathan gníomhaíochtaí, lena n-áirítear comhdhálacha agus cruinnithe idirnáisiúnta, gníomhaíochtaí oideachais, foilseacháin agus obair for-rochtana. Le linn Chéim IV den tionscadal, leathnaigh raon feidhme na hoibre a dhéanann an Cuibhreannas chun freagairt ar an ngá acmhainneacht, feasacht agus deiseanna breise a fhorbairt i réimse an neamhleata, an rialaithe arm (onnmhairiú) agus na dí-armála, i measc na chéad ghlúine eile de chleachtóirí agus de scoláirí. Tugadh aird ar leith freisin ar an ngá níos mó ban a bheith rannpháirteach sa réimse. Tosaíocht eile is ea feasacht agus acmhainneacht a fhorbairt i réimse na n-eolaíochtaí nádúrtha maidir le saincheisteanna slándála, agus an saineolas sin a nascadh leis an bpobal a bhíonn ag plé le neamhleathadh, rialú (ar onnmhairiú) arm agus dí-armáil. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i bhfianaise na bhforbairtí tapa i réimse na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

De bharr na bhforbairtí agus na ndúshlán leanúnach i réimse an neamhleata, an rialaithe arm (onnmhairiú) agus na dí-armála, tá teacht le chéile an Chuibhreannais agus an Líonra, mar aon leis an taighde agus an obair for-rochtana a dhéanann siad, an-ábhartha don Aontas agus dá Bhallstáit. Ag tógáil ar an obair a rinneadh sna céimeanna den tionscadal go dtí seo, léiríonn Céim V de Chuibhreannas an Aontais Eorpaigh maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil, mar a leagtar amach sa doiciméad seo í, an chaoi inar féidir le gníomhaíochtaí an Chuibhreannais ligean don Chuibreannas féin agus don Líonra leanúint de bhonn eolais a chur faoi obair an Aontais sa réimse tábhachtach sin agus a lorg domhanda a fheabhsú a thuilleadh trí theagmhálacha le rialtais, lárionaid taighde, institiúidí oideachais agus lucht spéise (lena n-áirítear an ghlúin óg) a mhéadú i réigiúin eile. Déanfaidh na gníomhaíochtaí eolas do dhíospóireachtaí beartais san Eoraip agus ar fud an domhain; neartófar tógáil líonraí agus comhar taighde leo; cuirfear oideachas maidir le neamhleathadh agus dí-armáil chun cinn; agus forbrófar acmhainneacht agus saineolas san Aontas agus lasmuigh di.

1. **Bainistíocht ghinearálta**

Faoin mbainistíocht ghinearálta, leanfaidh Institiúid Idirnáisiúnta Stócólm um Thaighde ar an tSíocháin de mhaoirseacht agus de chomhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Chuibhreannais agus líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus na dí-armála (an Líonra), lena n-áirítear trí chruinnithe den Choiste Stiúrtha a eagrú idir ionadaithe ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), ón gCoimisiún Eorpach agus ón gCuibhreannas agus trí oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh. Áirítear leis sin líonra na meithleacha machnaimh neamhspleácha atá ann cheana a bhainistiú agus a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith le héagsúlacht an Líonra a leathnú a thuilleadh ó thaobh disciplíní acadúla agus tíreolaíochta de, dearcthaí na mban agus na hóige a áirithiú, agus saineolas inscne a bheith ar fáil sa líonra, agus béim ar leith á leagan ar rannpháirtíocht fheabhsaithe le heintitis in Oirthear agus Oirdheisceart na hEorpa chomh maith le heintitis ó eolaíochtaí nádúrtha agus teicniúla. Áireofar le teagmhálacha líonra freisin cleachtais atá íogair ó thaobh na héagsúlachta de agus atá dírithe ar chuimsiú a chur chun cinn agus a chomhroinnt sa líonra féin agus i réimse an neamhleata agus na dí-armála i gcoitinne.

Ina theannta sin, mar chuid den bhainistiú ginearálta, tabharfar am do chomhaltaí uile an Chuibhreannais chun cúraimí ginearálta bainistithe a chomhlíonadh (e.g. freastal ar chruinnithe comhordúcháin, ionchur a thabhairt don chomhordaitheoir) agus chun costais infheictheachta a chumhdach, lena n-áirítear ionadaíocht a dhéanamh ar an gCuibhreannas ag imeachtaí idirnáisiúnta. Leanfaidh ionadaithe do chomhaltaí an Chuibhreannais, do SEGS agus

don Choimisiún Eorpach d'ionchur a sholáthar maidir le hábhar agus eagrúchán na Comhdhála Bliantúla agus tionscadal eile mar chuid d'fheidhm Choiste Cláir Chuibhreannas an Aontais Eorpaigh maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil (e.g. an cruinniú comhairliúcháin, an tsraith foilseachán agus seimineáir *ad-hoc*).

2. **Cur síos ar chodanna an tionscadail**

Is cuspóirí trasearnálacha maidir le codanna uile an tionscadail iad na cuspóirí seo a leanas:

— Comhionannas inscne agus éagsúlacht a áirithiú ó thaobh tíreolaíochta de i ngach gníomhaíocht

— Tacú leis an gcéad ghlúin eile de shaineolaithe maidir le neamhleathadh agus dí-armáil

— Taighde, comhar agus oideachas idirdhisciplíneach idir na heolaíochtaí nádúrtha agus sóisialta a fheabhsú a thuilleadh trí líon na n-institiúidí eolaíochta nádúrtha agus teicniúla sa líonra a mhéadú agus trí rannpháirtíocht na heolaíochta nádúrtha agus teicniúla i ngníomhaíochtaí Chuibhreannas an Aontais Eorpaigh maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil a neartú; agus

— Comhpháirtíochtaí, for-rochtain agus fothú acmhainneachta a leathnú chuig líonraí, institiúidí agus saineolaithe i réigiúin éagsúla ar fud an domhain, e.g. trí sheimineáir *ad hoc* a eagrú i réigiúin eile agus páirt a ghlacadh iontu, trí ligean do náisiúnaigh nach náisiúnaigh Eorpacha iad, lena n-áirítear ón Domhan Theas, a bheith páirteach sna hintéirneachtaí agus freastal ar na cúrsaí feasachta maidir le leathadh, trí imeachtaí seachtracha comhpháirteacha a óstáil agus trí ligean do dhaoine nach ón Eoraip iad labhairt ag na himeachtaí sin; trí chúrsaí ríomhfhoghlama a aistriú; agus trí chur le héagsúlacht na n-acmhainní teagaisc atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Chuibhreannas an Aontais Eorpaigh maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil.

2.1 **Comhdháil bhliantúil maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil a eagrú (faoi stiúir: an Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta)**

Cuspóir na coda sin den tionscadal agus cur síos uirthi

Ag an gComhdháil Bhliantúil, ag a mbeidh saineolaithe rialtais agus meithleacha machnaimh neamhspleácha agus saineolaithe acadúla eile ón Aontas agus ó thíortha comhlachaithe agus tríú tíortha rannpháirteach, pléifear agus sainaithneofar bearta breise chun leathadh arm ollscriosta agus a gcóras seachadta agus cuspóirí dí-armála idirghaolmhara a chomhrac, agus tabharfar aghaidh ar dhúshláin a bhaineann le gnáth-airm, lena n-áirítear dul i ngleic leis an ngáinneáil aindleathach agus carnadh iomarcach mionarm agus arm éadrom agus a n-armlón, chomh maith le rioscaí agus deiseanna gaolmhara na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

I gCéim V (2025-2028), cumhdófar eagrúchán aon Chomhdhála Bliantúla amháin in aghaidh na bliana leis an ngníomhaíocht seo. Tá sé mar aidhm ag an gCuibhreannas an Chomhdháil a reáchtáil ar an láthair ach deis a bheith ann cuid den imeacht, nó an t-imeacht ar fad, a bheoshruthú. De bhreis air sin:

— Tionólfar cruinnithe bliantúla an Líonra (agus an Chomhdháil Bhliantúil ina ndiaidh) ar an láthair nó i bhformáid fhíorúil.

— Tionólfar cruinniú den Next Generation agus den Chomhdháil Bhliantúil díreach ina dhiaidh agus bainfidh sé le gníomhaíochtaí eile a mbeidh saineolaithe óga rannpháirteach iontu (féach ceannteideal 2.6 den doiciméad seo).

— Tabharfar cuireadh do mheantaithe agus do mheantóirí Chlár Meantóireachta Chuibhreannas an Aontais Eorpaigh maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil páirt a ghlacadh sa Chomhdháil agus i gcruinnithe eile arna n-eagrú ar imeall na Comhdhála chun gur féidir leo tairbhe a bhaint as a bheith ar an láthair.

Torthaí na coda sin den tionscadal

— Comhdháil mhór idirnáisiúnta faoi stiúir na hEorpa maidir le neamhleathadh agus dí-armáil a choinneáil a bheidh ina hionad lárnach chun plé straitéiseach a chur chun cinn maidir le bearta chun leathadh AOS agus a gcóras seachadta agus cuspóirí dí-armála idirghaolmhara a chomhrac agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le gnáth-airm, lena n-áirítear dul i ngleic le gáinneáil aindleathach agus carnadh iomarcach MAAÉ agus a n-armlón, agus le rioscaí agus deiseanna gaolmhara na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

— Infheictheacht agus feasacht faoi bheartais an Aontais i réimse na n-arm ollscriosta agus neamhleathadh MAAÉ agus i réimse na gníomhaíochta ceimicí, bitheolaíche, raideolaíche agus núicléiche i measc na n-oifigeach rialtais, an lucht acadúil agus sochaí sibhialta tríú tíortha.

— Ról an Líonra agus ról an Aontais sa réimse sin a chur chun cinn.

— An neamhleathadh, an rialú ar onnmhairiú arm agus an saineolas dí-armála a fhorbairt, go háirithe i dtíortha ina bhfuil sé neamhleordhóthanach, lena n-áirítear tríú tíortha, agus béim á leagan ar thacaíocht a thabhairt don chéad ghlúin eile.

— Moltaí atá dírithe ar ghníomhaíocht a dhéanamh lena gcuirfí feabhas ar chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta agus Straitéis MAAÉ an Aontais agus a bheadh ina gcéim úsáideach ar an tslí chuig gníomhaíocht a bhaineann le neamhleathadh agus gnáth-airm arna déanamh ag an Aontas agus ag an gcomhphobal idirnáisiúnta.

— Cur le feasacht agus faisnéis an Aontais, na mBallstát, na sochaí sibhialta agus tríú tíortha faoi bhagairtí a bhaineann le AOS agus a modhanna seachadta, lena bhféadfadh siad a réamhaíocht a fheabhsú.

2.2 **Cruinniú comhairleach bliantúil maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil a eagrú (faoi stiúir: an Fhondúireacht um Thaighde Straitéiseach (FRS))**

Cuspóir na coda sin den tionscadal agus cur síos uirthi

Leis na cruinnithe comhairleacha, ina mbeidh ionadaithe ón Aontas, ó na Ballstáit agus na saineolaithe neamhrialtasacha rannpháirteach, déanfar réitigh ar na dúshláin ghearrthéarmacha agus mheántéarmacha atá roimh an Aontas i réimse an neamhleata agus na dí-armála a phlé agus a fhiosrú, go háirithe AOS agus a modhanna seachadta, gnáth-airm lena n-áirítear MAAÉ, cineálacha nua arm agus córais seachadta.

I gCéim V den tionscadal, cumhdófar, leis an ngníomhaíocht sin, eagrúchán cruinnithe chomhairligh amháin in aghaidh na bliana, cruinniú a bheidh roinnte ina dhá chuid agus a gcumhdófar saincheisteanna maidir le CONOP agus COARM i gceachtar den dá chuid, agus ullmhúchán na dtuarascálacha agus/nó moltaí lena mbaineann. Déanfar na cláir oibre do na himeachtaí sin a ullmhú i ndlúthchomhar le SEGS agus le meithleacha CBES na Comhairle um Neamhleathadh agus dí-armáil (CONOP) agus Onnmhairiú gnáth-arm (COARM). Rachfar i gcomhairle le comhlachtaí breise nuair is ábhartha (e. g. Tascfhórsa Spáis SEGS). Go sonrach:

— Tionólfar an Cruinniú Comhairleach thar suas le 2 lá roinnte idir seisiún CONOP agus seisiún COARM. Déanfar foráil go mbeidh suas le 50 duine rannpháirteach go pearsanta ó mheithleacha machnaimh na hEorpa, ó Bhallstáit an Aontais agus ó institiúidí an Aontais a bhfuil saineolas acu ar shaincheisteanna a bhaineann le dí-armáil agus neamhleathadh arm ollscriosta agus gnáth-airm, lena n-áirítear MAAÉ, mar aon le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, sa dá sheisiún bunaithe ar CONOP agus COARM.

— Tionólfar an Cruinniú Comhairleach i bhformáid phearsanta chun malartuithe idir rannpháirtithe a mhéadú a mhéid agus is féidir.

Torthaí na coda sin den tionscadal

— Faisnéis agus torthaí anailíse a mhalartú maidir le treochtaí reatha leata i measc cleachtóirí beartais agus saineolaithe neamhrialtasacha ó na Ballstáit, chomh maith le foireann speisialaithe ó SEGS agus ó institiúidí an Aontais.

— Plé a dhéanamh ar na bealaí agus na modhanna is fearr chun beartais an Aontais i gcoinne an leata a chur chun feidhme.

— Aiseolas cuiditheach a thabhairt don Aontas maidir lena straitéisí i gcoinne leathadh arm ollscriosta agus MAAÉ trí mheithleacha machnaimh Eorpacha neamhspleácha, agus moltaí ó chleachtóirí do thaighdeoirí maidir leis na hábhair is ábhartha ó thaobh beartas de le haghaidh tuilleadh taighde.

— Saincheisteanna ábhartha a shainaithint i réimse an neamhleata, an rialaithe ar onnmhairiú arm agus na dí-armála agus iniúchadh a dhéanamh ar réitigh ar na dúshláin ghaolmhara.

— Tuarascálacha atá dírithe ar bheartais a tháirgeadh mar aon le sraith de mholtaí, agus iad dírithe ar ghníomhaíochtaí, d'ionadaithe an Ardionadaí.

2.3 **Seimineáir *ad hoc*, imeachtaí ar an imeall agus seisiúin faisnéise do shaineolaithe a eagrú**

Cuspóir na coda sin den tionscadal agus cur síos uirthi

Tá cuspóir comhairleach ag na seimineáir idir an Líonra, an tAontas agus a Bhallstáit, ar bhonn *ad hoc*, is é sin, an scanadh ionchais/an t-ardú feasachta, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna práinneacha ar an gclár oibre beartais. Tugann na himeachtaí deis don Líonra, do na Ballstáit agus d'institiúidí an Aontais teagmháil a dhéanamh le spriocphobail laistigh agus lasmuigh den Aontas. Comhlánaítear iad le seisiúin faisnéise i scríbhinn agus ó bhéal chuig an Aontas agus chuig comhlachtaí ábhartha an Aontais i ndáil le raon iomlán na saincheisteanna maidir le neamhleathadh, rialú (ar onnmhairiú) arm agus dí-armáil, agus le himeachtaí eile a eagraítear ag príomhfhóraim idirnáisiúnta, cuir i gcás Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus cruinnithe na stát is páirtithe i gconarthaí idirnáisiúnta, nó mórchomhdhálacha maidir le neamhleathadh agus dí-armáil.

Leis an tionscadal, foráiltear go n-eagrófar suas go naoi gcinn de sheimineáir saineolaithe *ad hoc* nó imeachtaí ar an imeall in éineacht le hullmhú mionteagaisc ghaolmhair i scríbhinn. Maidir le Céim V:

— Eagrófar na seimineáir i bpearsa, i bhformáid fhíorúil nó i bhformáid hibrideach.

— Mar chuid d'eagrú na seimineár, coimisiúnófar saineolaithe ábhartha atá bainteach leis an Líonra, an Cuibhreannas nó, más gá, institiúidí eile, mionteagasc *ad hoc* i scríbhinn a ullmhú ina ndíreofar ar ábhar an tseimineáir. Scaipfear na mionteagaisc sin roimh an seimineár mar dhoiciméad cúlra nó ina dhiaidh chun forléargas a thabhairt ar na príomhcheachtanna atá le foghlaim.

— Féadfaidh SEGS mionteagaisc neamhspleácha a iarraidh freisin seachas mionteagasc i scríbhinn ina ndírítear ar ábhar seimineár *Ad Hoc*.

— Ina theannta sin, foráiltear leis an tionscadal seisiúin faisnéise ó bhéal (fhíorúla nó fhisiciúla) don Aontas agus do CONOP, COARM agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, de réir mar is iomchuí, ó shaineolaithe atá bainteach le comhaltaí an Líonra nó an Chuibhreannais agus arna iarraidh sin do SEGS.

— Eagraíonn an Cuibhreannas imeachtaí eile ar an imeall ag fóraim idirnáisiúnta i bhformáid phearsanta nó hibrideach.

Torthaí na coda sin den tionscadal

— Torthaí anailíse a mhalartú agus iniúchadh a dhéanamh ar réitigh maidir leis na dúshláin reatha i réimse an neamhleata, an rialaithe ar onnmhairiú arm agus na dí-armála i measc cleachtóirí beartais agus saineolaithe neamhrialtasacha ó na Ballstáit, chomh maith le foireann speisialaithe ó SEGS agus ó institiúidí an Aontais.

— Saincheisteanna agus treochtaí suntasacha a shainaithint i réimse an neamhleata agus na dí-armála.

— Tuarascálacha atá dírithe ar bheartais a tháirgeadh mar aon le sraith de mholtaí, agus iad dírithe ar ghníomhaíochtaí, d'ionadaithe an Ardionadaí. Scaipfear na tuarascálacha sin ar institiúidí ábhartha an Aontais agus ar na Ballstáit.

— Teagmháil a dhéanamh leis na spriocphobail laistigh den Aontas agus lasmuigh de.

— Teagmháil a dhéanamh le rialtais agus le hionaid taighde lasmuigh den Aontas.

2.4 **Páipéir Bheartais de chuid an Aontais maidir le Neamhleathadh agus Dí-armáil (ceannaire: SIPRI)**

Cuspóir na coda sin den tionscadal agus cur síos uirthi

Leis an tionscadal, foráiltear d'ullmhú agus d'fhoilsiú ar a laghad 15 pháipéar beartais. Coimisiúnóidh an Cuibhreannas na páipéir bheartais agus ullmhóidh an Cuibhreannas nó an Líonra go príomha iad, agus é d'aidhm go n-áiritheofar ionadaíocht chothrom éagsúil tuairimí maidir le saineolas téamach agus réigiúnach, agus leis an gcomhionannas inscne. Iarrfar, leis an tsraith páipéar beartais, rannchuidithe ó speisialtóirí 'the next generation' freisin. Leis na páipéir, cumhdófar na hábhair a bheidh faoi shainordú an Chuibhreannais. Molfar moltaí/roghanna beartais i ngach páipéar. Foilseofar gach páipéar beartais ar shuíomh gréasáin an Chuibhreannais.

Torthaí na coda sin den tionscadal

— Idirphlé feabhsaithe, cuimsitheach polaitiúil agus slándála maidir le bearta chun leathadh arm ollscriosta agus a gcóras seachadta a chomhrac, maidir le rialú arm agus dí-armáil, go príomha ag saineolaithe, taighdeoirí agus acadóirí, agus ag rialtais chomh maith.

— Feasacht, eolas agus tuiscint mhéadaithe i measc geallsealbhóirí an Aontais agus geallsealbhóirí nach geallsealbhóirí an Aontais iad, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata, taighdeoirí agus rialtais ar shaincheisteanna a bhaineann le beartais an Aontais maidir le neamhleathadh, rialú onnmhairithe arm agus dí-armáil.

— Roghanna beartas polaitiúil agus/nó beartas oibríochtúil a chuirtear ar fáil don Ardionadaí, d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit.

— Rannchuidiú le gníomhaíochtaí maidir le neamhleathadh, rialú (ar onnmhairiú) arm agus dí-armáil a fhorbairt ar leibhéal an Aontais, tacaithe trí smaointe, faisnéis agus anailís, agus leas á bhaint as an raon leathan saineolais láidir atá ar fáil sa Líonra.

2.5 **Oideachas ar an neamhleathadh agus an dí-armáil a chur chun cinn agus a neartú**

Is iad na gníomhaíochtaí seo a leanas atá sa chuid seo den tionscadal:

2.5.1 ***Nuashonrú leanúnach ar chúrsaí agus ar bhonneagar ríomhfhoghlama EUNPD*** **(ceannaire: PRIF)**

Cuspóir ghníomhaíocht an tionscadail agus cur síos uirthi

Sa ghníomhaíocht seo, díreofar ar an uirlis ríomhfhoghlama a scaipeadh agus a úsáid ar fud an domhain, uirlis a forbraíodh faoi chéimeanna roimhe seo. Tá 20 aonad foghlama sa chúrsa faoi láthair maidir leis na saincheisteanna ábhartha uile a bhaineann le neamhleathadh agus dí-armáil. I gCéim V, díreofar ar raon Aonaid Foghlama Ardán Ríomhfhoghlama an Aontais maidir le Neamhleathadh agus Dí-armáil a choinneáil ar bun, a thabhairt cothrom le dáta agus a leathnú trí leaganacha teanga éagsúla a thairiscint ag an am céanna (trí aistriúchán daonna nó IS) agus trí na roghanna fála a leathnú, e. g. trí ghnéithe grafacha nó idirghníomhacha nua a chur leis. Ag brath ar infhaighteacht theicniúil, na haonaid uile a chur i láthair mar chlos-aonaid (chomh maith leis na podchraoltaí beochana reatha nach léiríonn ach eilimintí roghnaithe) bunaithe ar chaint arna giniúint ag IS. Nuashonrófar gach ceann den 20 aonad go tráthrialta chun na fíricí agus na figiúirí is déanaí a chur ar fáil do mhic léinn.

Tabharfar aird ar leith arís ar inrochtaineacht i.e. an t-uasghrádú d'úsáideoirí a bhfuil laguithe amhairc nó éisteachta orthu. Le for-rochtain agus tacaíocht leanúnach d'institiúidí oideachais, beifear in ann an ríomhfhoghlaim a chomhtháthú go héasca i gCláir Mháistreachta Ollscoileanna agus i dtairiscintí oideachais eile agus spreagfar úsáid an chúrsa ríomhfhoghlama ar fud an domhain.

Torthaí ghníomhaíocht an tionscadail

— Cúrsa ríomhfhoghlama EUNPD atá ann cheana a chothabháil, a bharrfheabhsú agus a nuashonrú lena gcumhdófar gach gné ábhartha den neamhleathadh agus den dí-armáil.

— Leathnú ar na féidearthachtaí maidir leis an gcaoi a bhfaightear an t-ábhar.

— For-rochtain agus cúnamh d'oideoirí leas a bhaint as acmhainní oideachais an Aontais maidir le neamhleathadh agus dí-armáil.

— For-rochtain agus cúnamh d'iriseoirí agus do thaidhleoirí sóisearacha leas a bhaint as acmhainní oideachais an Aontais maidir le neamhleathadh agus dí-armáil.

— Tacaíocht a chur ar fáil chun an neamhleathadh, an rialú (ar onnmhairiú) arm agus an dí-armáil a theagasc i seimineáir ollscoile.

— Tacaíocht a chur ar fáil chun ríomhfhoghlaim agus oiliúint-seomra-ranga ('an fhoghlaim chumaisc') a chomhcheangail.

— Eolas cuimsitheach méadaithe ar bheartais an Aontais maidir le neamhleathadh agus dí-armáil ar fud an Aontais agus i dtríú tíortha.

— Acmhainn oideachais oscailte, nuashonraithe go leanúnach, a chur ar fáil do na geallsealbhóirí uile a bhfuil baint acu le taighde agus le clársceidealú i leith an neamhleata.

2.5.2 ***'Ceardlann teagaisc' (mol acmhainní teagaisc)*** **(ceannaire: PRIF)**

Cuspóir ghníomhaíocht an tionscadail agus cur síos uirthi

Leis an ngníomhaíocht seo, leanfar den obair chun an t-oideachas maidir le neamhleathadh, rialú (ar onnmhairiú) arm agus dí-armáil a neartú san Aontas tríd an mbonn eolais ar na saincheisteanna sin a mhéadú agus a éagsúlú san Eoraip agus ar fud an domhain agus trí thacú leis an gcéad ghlúin eile de shaineolaithe agus de lucht ceaptha beartas. Go dtí seo, rinneadh 114 chúrsa ábhartha a teagascadh le déanaí in ollscoileanna san Aontas a shainaithint trí chuardach fairsing ar líne. Chuathas i dteagmháil leis na léachtóirí faoi seach ina n-aonar. Mar fhreagairt air sin, fuarthas 43 shiollabas agus formheasadh go bhfoilseofaí 21 acu sin. Is féidir teacht ar na 21 sin ar shuíomh gréasáin an Chuibhreannais.

Ina theannta sin, cuireadh dhá mháistir-shiollabas agus achoimrí gearra ar phríomhthéacsanna ar fáil. I gCéim V, tiomsóidh an tionscadal siollabais bhreise chúrsa in ollscoileanna san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh agus féachfaidh sé leis an gcuardach a leathnú go dtí tíortha nach tíortha san Iarthar iad. Déanfar an anailís staidrimh a bheachtú agus a thabhairt cothrom le dáta i gcónaí. Molfar ábhar breise do léachtóirí agus do theagascóirí.

Torthaí ghníomhaíocht an tionscadail

— Raon leathan de churaclaim de na cúrsaí a bheidh ar fáil, mar shamplaí agus mar inspioráid curtha ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chuibhreannais.

— Foilseofar ar shuíomh gréasáin an Chuibhreannais meastóireacht staidrimh ar chúrsaí atá ann cheana, e.g. topaicí a theagasctar nó cuir chuige theoiriciúla, agus ar an gcomhionannas inscne freisin, agus cuirfear an mheastóireacht sin i láthair ag comhdhálacha nó ceardlanna.

— Nuashonrú a dhéanamh, i gcomhar le hollúna, ar 'máistir-shiollabais' do theagascóirí céaduaire.

— Achoimrí gearra, ar litríocht atá fíor-ábhartha, a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Chuibhreannais.

2.5.3 ***Cúrsa oiliúna maidir le feasacht ar leathadh*** **(ceannaire: SIPRI)**

Cuspóir ghníomhaíocht an tionscadail agus cur síos uirthi

Leis an ngníomhaíocht seo, cumhdófar eagrú sé chúrsa oiliúna chun feasacht a mhúscailt faoi rioscaí an leata agus faoi shlándáil taighde do mhic léinn sna heolaíochtaí nádúrtha, agus i ndisciplíní na hinnealtóireachta agus na teicneolaíochta. Neartóidh sé freisin na naisc idir na heolaíochtaí sóisialta agus nádúrtha. I gCéim V, eagrófar trí cinn de na cúrsaí sin i bpearsa i Stócólm; cuirfear trí cinn ar bun go fíorúil. Tugann sé sin aghaidh ar bhearna thábhachtach ós rud é gurb annamh a chuireann ollscoileanna cúrsaí den sórt sin ar fáil.

Torthaí ghníomhaíocht an tionscadail

— Cumas feabhsaithe a bheith ag an gcéad ghlúin eile de scoláirí sna heolaíochtaí nádúrtha agus i réimsí ábhartha a mhéid a bhaineann le hionstraimí agus le beartais maidir le neamhleathadh.

— Rannchuidiú leis an sprioc a ghabhann le beartas an Aontais maidir le neamhleathadh trí chur le feasacht faoi na rioscaí i ndáil le leathadh arm agus faoi shlándáil taighde i measc disciplíní lena mbaineann rioscaí móra maidir le leathadh arm agus forbairtí teicneolaíochta; agus faoi dheiseanna aghaidh a thabhairt ar rioscaí maidir le leathadh arm trí fhorbairtí teicneolaíochta.

— Meascán den chianfhoghlaim (an ríomhfhoghlaim) agus den oiliúint ar an láthair ('an fhoghlaim chumaisc').

2.6 **Saincheisteanna a bhaineann le neamhleathadh agus dí-armáil do mhná óga agus don chéad ghlúin eile a chur chun cinn**

Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas sa tionscadal:

2.6.1 ***Clár Intéirneachtaí*** **(faoi stiúir: PRIF)**

Cuspóir ghníomhaíocht an tionscadail agus cur síos uirthi

Déantar foráil sa ghníomhaíocht seo d'intéirneachtaí Eorpacha maidir le neamhleathadh agus dí-armáil a chur ar fáil do suas le 28 mac léinn nó ngairmí óga ar feadh tréimhse suas le 3 mhí an ceann. Is é an Cuibhreannas a dhéanfaidh na hintéirneachtaí a chur ar bun agus a dhoiciméadú agus is éard a bheidh i gceist leo rannpháirtíocht in imeachtaí agus i gceardlanna, tascanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta agus beidh tionscadail mar chuid díobh chomh maith. Tá na hinstitiúidí uile de chuid an Líonra incháilithe mar institiúidí óstacha. Tabharfar cuireadh d'intéirnigh – a mhéid is féidir – chuig na comhdhálacha agus na seimineáir a eagraíonn an Cuibhreannas agus a bheidh ar siúl le linn a n-intéirneachta.

Torthaí ghníomhaíocht an tionscadail

— Cumas feabhsaithe a bheith ag an gcéad ghlúin eile de scoláirí agus de chleachtóirí a mhéid a bhaineann le beartas agus clársceidealú maidir le neamhleathadh.

— Eolas cuimsitheach méadaithe ar bheartais an Aontais maidir le neamhleathadh agus dí-armáil.

— Tuiscint níos fearr ar straitéisí, ar bheartais agus ar chuir chuige an Aontais maidir le neamhleathadh i dtríú tíortha.

— Líonraí de chleachtóirí agus scoláirí óga a chruthú agus comhar praiticiúil a éascú.

2.6.2 ***An Tionscnamh do Mhná Óga agus don Chéad Ghlúin Eile*** **(faoi stiúir: Lárionad Vín um Dhí-Armáil agus um Neamhleathadh (VCDNP))**

Cuspóir ghníomhaíocht an tionscadail agus cur síos uirthi

Bunaithe ar na míchothromaíochtaí aoise agus inscne a nglactar go forleathan leis ar ann dóibh i measc saineolaithe agus cleachtóirí i réimse an neamhleata, an rialaithe (ar onnmhairiú) arm agus na dí-armála, tá sé mar aidhm ag an Tionscnamh mic léinn fochéime, céimithe agus mic léinn iarchéime a chur ar an eolas faoi shaincheisteanna a bhaineann le neamhleathadh, rialú arm agus dí-armáil, a bhfeasacht faoi na saincheisteanna sin a mhéadú, agus a rannpháirtíocht in imeachtaí agus i gceardlanna maidir le hábhair ábhartha a spreagadh. I gCéim V, leanfaidh an Tionscnamh de chuairteanna for-rochtana ar an láthair agus/nó fíorúla ar ollscoileanna san Eoraip a eagrú chun cur le hinfheictheacht an réimse agus chun deiseanna do scoláirí óga a mhéadú. Leis an ngníomhaíocht seo, eagrófar tuilleadh seimineáir ghréasáin maidir le hábhair théamacha, a mbeidh faisnéis faoi dheiseanna gairme nó faoi chonairí gairme do dhaoine óga ar fáil iontu i gcónaí.

I gCéim V, chun láithreacht na mban sa réimse sin a mhéadú, leanfaidh an tionscadal ar aghaidh leis an gclár meantóireachta a bhfuil an-rath air, ina bpéireáiltear 20 bean óg le 20 meantóir gach bliain chun líonraí ar an leibhéal aonair a fheabhsú, tuiscint ar an réimse a mhéadú agus ligean do na rannpháirtithe comhairle ghairme a iarraidh. Beidh seisiúin le saineolaithe, imeachtaí sóisialta agus ceardlanna forbartha scileanna mar chuid den chlár meantóireachta chomh maith le deiseanna chun teacht le chéile ar an láthair.

Ina theannta sin i gCéim V, beidh roinnt imeachtaí fíorúla fothaithe scileanna agus acmhainneachta oscailte do gach leibhéal gairme, rud a leathnóidh an spriocphobal thar an gcéad ghlúin eile.

Torthaí ghníomhaíocht an tionscadail

— Éagsúlacht, cuimsitheacht agus saineolas méadaithe in earnáil an neamhleata agus na dí-armála, agus grúpa níos láidre agus níos éagsúla de shaineolaithe a bheidh ann amach anseo maidir le neamhleathadh, rialú (ar onnmhairiú) arm agus dí-armáil.

— Tuiscint níos fearr ar an réimse agus ar bheartais ábhartha an Aontais i measc na chéad ghlúine eile.

— Feasacht mhéadaithe ar dheiseanna do scoláirí agus cleachtóirí óga, go háirithe do mhná, le bheith níos gníomhaí i réimse an neamhleata, an rialaithe arm agus na dí-armála.

— Líonraí neartaithe i measc scoláirí/cleachtóirí óga agus idir scoláirí/cleachtóirí óga agus saineolaithe aitheanta.

— Tuilleadh teagmhála le scoláirí agus cleachtóirí óga ar spéis leo níos mó a fhoghlaim faoin réimse agus dul leis an ngairm.

2.7 **Cuairt Chomhaltaí Chlár Staidéir na Náisiún Aontaithe um Dhí-Armáil ar an mBruiséil (faoi stiúir: Lárionad Vín um Dhí-Armáil agus um Neamhleathadh (VCDNP))**

Cuspóir na coda sin den tionscadal agus cur síos uirthi

Leis an tionscadal seo, faoi chuimsiú Chlár Chomhaltaí na Náisiún Aontaithe um Dhí-Armáil, beidh deis ag na comhaltaí cuairt staidéir idir 2 agus 3 lá a thabhairt ar an mBruiséil, sa Bheilg, chun tuilleadh a fhoghlaim faoin Aontas, a chuid beartas, an chaoi a bhfeidhmíonn sé agus a institiúidí. Cuirfear an chuid Eorpach den chlár comhaltachtaí san áireamh agus an chuairt á heagrú. Is é is aidhm don chlár forléargas cuimsitheach a thabhairt ar phríomhinstitiúidí agus ar phríomhchomhlachtaí ceaptha beartais an Aontais, go háirithe maidir le neamhleathadh agus dí-armáil, agus déanann sé cuir i láthair théamacha ar obair an Aontais sa réimse sin, lena n-áirítear cláir thacaíochta a chuirtear ar fáil do thríú tíortha.

Torthaí na coda sin den tionscadal

— Eolas agus infheictheacht mhéadaithe maidir le beartais an Aontais agus leis an gcaoi a bhfeidhmíonn sé agus tacú le cláir maidir le neamhleathadh agus dí-armáil i dtríú tíortha.

— Saineolas feabhsaithe maidir le hábhair a bhaineann le hairm ollscriosta agus le MAAÉ i dtíortha comhpháirtíochta agus i dtríú tíortha.

— Tuilleadh comhair le hOifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-Armála agus rannchuidiú le hiarrachtaí oideachais faoi chuimsiú Chlár Comhaltachtaí na Náisiún Aontaithe um Dhí-Armáil.

2.8 **For-rochtain agus cumarsáid (faoi stiúir: an Fhondúireacht um Thaighde Straitéiseach (FRS))**

Is iad na gníomhaíochtaí seo a leanas atá sa chuid seo den tionscadal:

2.8.1 ***Suíomh gréasáin, ardán an líonra agus for-rochtain*** **(faoi stiúir: an Fhondúireacht um Thaighde Straitéiseach (FRS))**

Cuspóir ghníomhaíocht an tionscadail agus cur síos uirthi

Cuireann an ghníomhaíocht seo na modhanna ar fáil chun óstáil ghréasáin, dearadh gréasáin, cothabháil theicniúil agus nuashonruithe leanúnacha a dhéanamh ar shuíomh gréasáin an Chuibhreannais (https://www.nonproliferation.eu/) agus ar líonraí sóisialta. Beidh baint níos mó ag baill an líonra trí bhíthin an ardáin chomhoibrithigh dhigitigh, trí bheith ag idirghníomhú ar an bhfóram, a n-acmhainní agus imeachtaí atá ar na bacáin a chomhroinnt, chomh maith leis an eolas is déanaí a chur ar fáil faoina saineolaithe agus faoina n-institiúidí. Tá an suíomh gréasáin, an t-ardán líonra agus na líonraí sóisialta le hinfheictheacht an Aontais a áirithiú freisin. Díreoidh Céim V ar ardáin chumarsáide éagsúla an líonra a chomhchuibhiú agus ar scaipeadh acmhainní, fhoilseacháin agus ghníomhaíochtaí an líonra a fheabhsú a thuilleadh chun infheictheacht a mhéadú i bpobail bheartais agus chun comhar taighde a éascú. Chomh maith leis sin:

— Leanfar d'fhoilseacháin, imeachtaí agus deiseanna fostaíochta de chuid an Chuibhreannais agus de chuid chomhaltaí eile an líonra a chur chun cinn ar na hardáin éagsúla.

— Leanfar de na comhdhálacha a eagraíonn an Cuibhreannas a chur chun cinn agus a dhoiciméadú ar an suíomh gréasáin (páipéir chúlra, cláir oibre, cuir i láthair, fístaifeadadh de chruinnithe oscailte nuair is iomchuí).

— Na deiseanna oideachais laistigh den Chuibhreannas, lena n-áirítear an cúrsa ríomhfhoghlama, na hacmhainní teagaisc, an Tionscnamh do Mhná Óga agus don Chéad Ghlúin Eile, deiseanna maidir le comhaltachtaí agus intéirneachtaí, leanfar dá gcur chun cinn ar chuid ar leith den suíomh gréasáin.

— Ardán a bhainistiú inar féidir le meithleacha machnaimh i réimse an neamhleata agus na dí-armála a dtuairimí agus a n-anailís neamhspleách a roinnt go leanúnach maidir le leathadh arm ollscriosta agus saincheisteanna a bhaineann le gnáthairm, lena n-áirítear MAAÉ.

— Áireofar sa nuachtlitir rialta mír atá dírithe ar agallaimh, eagarfhocal, liosta foilseachán, nuacht maidir lena bhfuil tarlaithe le déanaí i mbeartas an Aontais i ndáil le neamhleathadh agus dí-armáil, liosta glaonna ar iarratais ar phoist, agus faisnéis ó chomhaltaí an líonra.

2.8.2 ***Podchraoladh de chuid Chuibhreannas an Aontais Eorpaigh maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil a léiriú*** **(faoi stiúir: Institiúid Idirnáisiúnta na hEorpa um Staidéar Straitéiseach (IISS-Europe))**

Cuspóir ghníomhaíocht an tionscadail agus cur síos uirthi

Foráiltear leis an ngníomhaíocht sin go leanfar ar aghaidh le podchraoladh de chuid Chuibhreannas an Aontais Eorpaigh maidir le Neamhleathadh agus Dí-Armáil arna thionscnamh i gCéim IV, lena dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna téamacha laistigh de shainordú an Chuibhreannais. Is sraith a bhfuil ábhar machnaimh inti é an podchraoladh a chíorann na saincheisteanna is práinní maidir le neamhleathadh, rialú (ar onnmhairiú) arm agus dí-armáil, lena n-áirítear ábhair a bhaineann le leathadh arm ollscriosta agus a gcórais seachadta, chomh maith le tionchar na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Tá dianphlé le príomhshaineolaithe agus le príomhchleachtóirí i ngach eipeasóid. I gCéim V den tionscadal, léireofar suas le 36 chlár sa tsraith podchraoltaí, arna hóstáil ag Institiúid Idirnáisiúnta na hEorpa um Staidéar Straitéiseach (IISS-Europe).

Torthaí ghníomhaíochtaí an tionscadail

— Feasacht agus eolas méadaithe i measc institiúidí an Aontais, na mBallstát, na sochaí sibhialta agus tríú tíortha faoi bhagairtí a bhaineann le gnáthairm, le hairm ollscriosta agus lena modhanna seachadta, lena bhféadfaidís a réamhaíocht a fheabhsú.

— Feasacht, eolas agus tuiscint mhéadaithe sa tsochaí shibhialta, i líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha i réimse an neamhleata agus sna rialtais, ar shaincheisteanna a bhaineann le beartais an Aontais Eorpaigh maidir le neamhleathadh, rialú ar onnmhairiú arm agus dí-armáil.

— Saineolas maidir le neamhleathadh, rialú (ar onnmhairiú) arm agus dí-armáil a fhorbairt go háirithe i dtíortha ina bhfuil sé neamhleordhóthanach, lena n-áirítear tríú tíortha, agus béim á leagan ar thacaíocht a thabhairt don chéad ghlúin eile eolas a ghiniúint sa réimse sin.